C/2026/4827

10.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12516 – KESKO / DAHL (DENMARK, NORWAY, SWEDEN))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4827)

1. An 2 Meán Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Kesko Oyj ('Kesko', an Fhionlainn),

— Saint-Gobain Distribution Sweden AB (an tSualainn), Brødrene Dahl A/S (an Iorua), agus Saint-Gobain Distribution Denmark A/S (an Danmhairg) ('Dahl (Denmark, Norway, Sweden)'), atá faoi rialú deiridh Saint-Gobain S.A. (an Fhrainc).

Gheobhaidh Kesko rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dahl (Denmark, Norway, Sweden) ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa trádála é Kesko atá liostaithe san Fhionlainn agus atá eagraithe ina thrí rannán: (i) trádáil grósaera; (ii) trádáil tógála agus theicniúil; agus (iii) trádáil gluaisteán. Sa rannán trádála tógála agus teicniúla, oibríonn Kesko Onninen, dáileoir trádála teicniúla gnólacht le gnólacht amháin atá gníomhach san Fhionlainn, sa tSualainn, san Iorua, sa Pholainn agus sna Stáit Bhaltacha. Tá Kesko gníomhach freisin sa trádáil tógála agus feabhsaithe tí trí shlabhraí miondíola Byggmakker (an Iorua), K-Bygg (an tSualainn) agus Davidsen (an Danmhairg), agus freastalaíonn sé ar chustaiméirí gairmiúla (gnólacht le gnólacht) agus ar thomhaltóirí (gnólacht le tomhaltóir),

— Is dáileoir speisialaithe é Dahl (Denmark, Norway, Sweden) a fhreastalaíonn go príomha ar chuideachtaí tógála agus suiteála, a thairgeann táirgí agus a bhfuil saineolas teicniúil aige lena gcuimsítear feidhmeanna pluiméireachta, téimh agus sláintíochta, innealtóireachta sibhialta, aerála agus tionscail. Oibríonn Dahl go príomha sa tSualainn, sa Danmhairg agus san Iorua.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12516 – KESKO / DAHL (DENMARK, NORWAY, SWEDEN)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË